Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 2 Feabhra 2026
(OR. en)

5928/26

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0412 (NLE)**

ENV 84
CLIMA 42
SOC 46
ENER 41
ECOFIN 142
COMPET 136
RECH 36
EDUC 25
CULT 12

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Nollaig 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 1026 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN Bauhaus Eorpach Nua — ó fhís go cur chun feidhme |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 1026 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 1026 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 16.12.2025
COM(2025) 1026 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**


# Bauhaus Eorpach Nua — ó fhís go cur chun feidhme

GA GA


## 1. RÉAMHRÁ

**Na dúshláin atá roimh shaoránaigh agus gnólachtaí na hEorpa, is dúshláin thar a bheith casta iad, ar scála nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo:** ina measc, tá suaitheadh geopholaitiúil, bagairtí slándála ar ár mór-roinn féin agus an ghéarchéim phláinéadach thriarach, chomh maith le hathruithe teicneolaíochta agus bagairtí ar ár ndaonlathas agus ár luachanna. In aimsir seo na héiginnteachta, is dual do shaoránaigh imní a bheith orthu agus tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, **intuarthacht agus peirspictíocht a chur ar fáil, nuálaíocht a chothú agus áiteanna a chruthú ina dtacaítear le muintearas, le cáilíocht saoil agus leis an mbraistint go bhfuiltear slán sábháilte.**

**Sin atá á dhéanamh ag Bauhaus Eorpach Nua.** Ba é Uachtarán an Choimisiúin Ursula von der Leyen a sheol é in 2020 agus **tugann sé de chumhacht do dhaoine, do phobail agus do ghnólachtaí teacht ar réitigh nuálacha go comhpháirteach ar mhaithe le todhchaí dhearfach**, todhchaí ina mbeidh cuimsiú, inbhuanaitheacht agus cáilíocht saoil fite fuaite ina chéile.



*Luachanna Bauhaus Eorpach Nua*



*Prionsabail Bauhaus Eorpach Nua*

**Is é is aidhm do Bauhaus Eorpach Nua athrú inbhraite a bhaint amach ar an láthair le haghaidh daoine agus gnólachtaí**, ag gníomhú dó trí chur chuige nuálach claochlaitheach ón mbun aníos. Le himeacht 5 bliana, tá sé tiontaithe ina **ghluaiseacht ag a bhfuil breis agus 700 tionscadal ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin, ina phobal bríomhar** de thuairim is 2 000 eagraíocht a shroicheann na milliúin daoine, agus ina líonra d'údaráis náisiúnta a bhíonn ag gníomhú mar nasc leis an leibhéal áitiúil. Na tionscadail éagsúla a ndearnadh taighde orthu, a rinneadh ar bhonn píolótach agus a cuireadh ar taispeáint ó 2021 go 2025, lena n-áirítear léiritheoirí ceantar tithíochta inacmhainne, luasairí le haghaidh digiteáil na tógála, agus rannpháirtíocht ealaínbhunaithe i bpobail áitiúla, is léiriú iad uile gur féidir timpeallacht thógtha chuimsitheach, inbhuanaithe ar ardcháilíocht a bhaint amach agus go bhfuil sé d'acmhainn ag an timpeallacht sin cur le rannpháirteachas na saoránach agus an athléimneacht agus an t-iomaíochas a neartú.

Ar bhonn thaithí na mblianta roimhe seo agus an mhéid atá foghlamtha lena linn, **is mithid anois Bauhaus Eorpach Nua a uas-scálú agus é a bhrú ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile mar chumasóir cumhachtach don aistriú i dtreo fuinneamh glan** agus don nuálaíocht san Eoraip agus níos faide i gcéin. Leagtar amach sa Teachtaireacht seo cuspóirí beartais Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh na mblianta amach romhainn agus soláthraítear léi creat le haghaidh gníomhaíochtaí inbhraite chun an nuálaíocht, an athléimneacht agus an inbhuanaitheacht a fheabhsú. Chun tionchar na Teachtaireachta seo a mhéadú, tá togra le

haghaidh Moladh ón gComhairle[1] chuig na Ballstáit ag gabháil léi, agus lánurraim á tabhairt don choimhdeacht.

**Tá Bauhaus Eorpach Nua dírithe fós ar an timpeallacht thógtha.** Is cuid fhíor-riachtanach de shaol laethúil na saoránach í, agus tá acmhainneacht ollmhór aici maidir le cáilíocht saoil a fheabhsú, astaíochtaí a laghdú, tacú le hinacmhainneacht agus, san am céanna, iomaíochas ár dtionscal a mhéadú. **Tá gá ag comharsanachtaí le gníomhaíocht beartais, cistiú agus tacaíocht theicniúil ar mhaithe le hathghiniúint.** Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta chun scileanna a fhorbairt agus chun réitigh inacmhainne a uas-scálú lena bhféadfar úsáid éifeachtúil an spáis thógtha i gceantair uirbeacha agus thuaithe a mhéadú agus lena bhféadfar réitigh bhithbhunaithe agus ábhair agus teicnící nuálacha a ghlacadh, rud a fhágfaidh go **neartófar an athléimneacht agus go gcruthófar príomh-mhargaí** le haghaidh tionscail iomaíocha nuálacha na hEorpa. Sna blianta amach romhainn, leathnófar Bauhaus Eorpach Nua chuig earnálacha eile, mar shampla, teicstílí agus faisean.

Ní mór úsáid níos fearr a bhaint as an bhféidearthacht maidir le **comhchruthú agus cuir chuige ildisciplíneacha, trí uirlisí digiteacha freisin**, agus tá gá le tuilleadh deiseanna agus acmhainneachtaí chun taighdeoirí, ealaíontóirí, údaráis, saoránaigh agus gnólachtaí a thabhairt le chéile chun físeanna a chomhchruthú agus a chur chun feidhme ar an láthair.

Anois agus 5 bliana caite ó seoladh an tionscnamh, **tá an Coimisiún agus a chomhpháirtithe chun Bauhaus Eorpach Nua a neartú agus a Chomhphobal a mhéadú**, chomh maith le coincheapa agus nuálaíochtaí cruthaitheacha a scaipeadh agus a uas-scálú, agus é d'aidhm ag an méid sin cás gnó na bpríomhthionscadal a chur chun cinn. **Le Bauhaus Eorpach Nua tacófar a thuilleadh leis na Ballstáit cuir chuige a bhfuil an tionscnamh sin ina spreagadh dóibh** a thabhairt isteach i mbeartais tithíochta náisiúnta, i bpleananna athchóirithe foirgneamh agus i gcinntí pleanála spásúlachta, i sineirgíocht le Clár Oibre an Aontais do Chathracha[2] agus le huirlisí críochacha an bheartais comhtháthaithe, chomh maith leis an bPlean Eorpach um Thithíocht Inacmhainne[3] agus an Straitéis Tógála Tithíochta[4] a chuirtear i láthair in éineacht leis an Teachtaireacht seo.

## 2. BAUHAUS EORPACH NUA MAR CHUMASÓIR DON NUÁLAÍOCHT AGUS DON AISTRIÚ I dTREO FUINNEAMH GLAN

Chun tairbhiú dá bhfuil bainte amach aige, le Bauhaus Eorpach Nua déanfar **tacaíocht do ghnólachtaí, do nuálaithe agus do phobail** ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin a uas-scálú ar mhaithe le **claochlú cuimsitheach inbhuanaithe comharsanachtaí agus tionscal arb é an dea-cháilíocht is bonn leis**. Tabharfar tús áite leis do réitigh inacmhainne, i gcomhréir leis an bPlean Tithíochta Inacmhainne agus, chomh maith le huirlisí fianaisebhunaithe, cuirfear spásanna comhchruthaithe ar fáil leis ina dtiocfaidh gairmithe, taighdeoirí, úsáideoirí, pobail agus gnólachtaí le chéile agus ina n-oibreoidh siad i gcomhpháirt chun réitigh nuálacha ar an luach is airde a chruthú. Forbrófar Acadamh Bauhaus Eorpach Nua mar chroístruchtúr de chuid Bauhaus Eorpach Nua chun feabhas a chur ar **oiliúint, athsciliú agus uas-sciliú na ngníomhaithe éagsúla san éiceachóras tógála, chun boscaí gainimh a sholáthar le haghaidh réitigh nuálacha** agus chun tacú le gnólachtaí nuathionscanta a thairgeann réitigh lena gcumhdaítear luachanna Bauhaus Eorpach Nua. Tacóidh Saoráid Bauhaus Eorpach Nua le taighde den scoth, agus déanfaidh sé nuálaíochtaí agus léiritheoirí a uas-scálú. I sineirgíocht

[1] COM(2025) 1027
[2] EUR-Lex - 52025DC0739 - GA - EUR-Lex
[3] COM(2025) 1025
[4] COM(2025) 991

le Straitéis Bhithgheilleagair an Aontais[5], cuideoidh Bauhaus Eorpach Nua freisin le dlús a chur le glacadh ábhar ciorclach agus bithbhunaithe agus modhanna tógála ciorclacha agus bithbhunaithe, rud a fhágfaidh go gcruthófar príomh-mhargaí nua agus go neartófar iomaíochas na hEorpa.

**Dea-chleachtais Bauhaus Eorpach Nua maidir le réitigh chiorclacha agus bhithbhunaithe**

- **TOVA (ES):** tionscnamh lena gcruthaítear struchtúir ailtireachta atá déanta as créafóg phulctha agus a thógtar le printéir 3T Crane WASP, tógálacha ar féidir iad a chur i gcrích laistigh de roinnt seachtainí, nach ngineann aon dramhaíl ar chor ar bith agus a bhfuil astaíochtaí carbóin glan-nialasacha acu nach mór [Duais Bauhaus Eorpach Nua 2023].
- **NEBourhoods:** tionscnamh lena ndéantar ceantar 1970idí in München a athbheochan trí spásanna úsáide measctha, naisc phobail níos láidre agus réitigh fuinnimh amhail modúil ghréine/scáthú gréine a chruthú [Fís Eorpach].
- **Panelka 2.0 (TEPLO):** tionscnamh lena dtacaítear le téarnamh na hÚcráine trí athchóiriú ciorclach a dhéantar le hábhair athchúrsáilte agus bitheábhair, réitigh fuinneamhéifeachtúla agus cumhachtú pobail [LIFE].







*TOVA ©GregoriCivera - © NEBbourhoods - © TEPLO*

### 2.1 Ciorclaíocht, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht sa timpeallacht thógtha a fheabhsú

#### *2.1.1 Réitigh nuálacha agus inbhuanaithe a chothú*

Chun tacú le haistriú an éiceachórais tógála i dtreo réitigh ísealcharbóin, chiorclacha agus bhithbhunaithe, tá turgnaimh déanta i dtionscadail Bauhaus Eorpach Nua le blianta beaga anuas le **réitigh núíosacha le haghaidh na n-earnálacha tógála**, amhail tógáil mhodúlach, dearadh atá tíosach ar fhuinneamh agus ar uisce, chomh maith le hábhair bhithbhunaithe, athchúrsáilte agus nuálacha. Tá taighde agus tástáil déanta aige ar theicnící tógála inbhuanaithe, amhail tógáil uathoibrithe agus róbataice, priontáil 3T, stóráil bhithghineach carbóin i bhfoirgnimh, feidhmchláir intleachta saorga le haghaidh dearaidh, chomh maith le tógáil lasmuigh den láthair agus tógáil mhodúlach, ar nithe iad a tháirgeann FBManna go minic.

Chun athléimneacht eacnamaíoch a neartú agus chun an Comhaontú claochlaitheach maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun feidhme, le Bauhaus Eorpach Nua cuirfear **feabhas ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an ngeilleagar ciorclach agus leis an mbithgheilleagar**, cuirfear borradh faoi mhargaí le haghaidh ábhair nuálacha agus modhanna tógála, agus déanfar réitigh fuinnimh, uisce agus soghluaisteachta atá inbhuanaithe agus inacmhainne a shaothrú, chomh maith le teicneolaíochtaí digiteacha, sonraí agus IS iontaofa. Le Bauhaus Eorpach Nua cuirfear **taighde, uas-scálú agus príomhshruthú réiteach nuálach atá tíosach ar acmhainní**

[5] COM(2025) 960 final

chun cinn, tacófar le gnólachtaí cuir chuige nua chostéifeachtúla a fhréamhshamhaltú, ar cuir chuige iad is féidir a uas-scálú, agus tacófar le caighdeáin nua fhorleathana le haghaidh dearadh dícharbónaithe, ciorclach agus dúlra-dearfach. Tacófar le **pobail freisin feidhmiú mar mhoil nuálaíochtaí** agus le réitigh ón mbun aníos don aistriú i dtreo fuinneamh glan, agus iad curtha in oiriúint do riachtanais agus d'acmhainneachtaí áitiúla. Trí thosaíocht a thabhairt don nuálaíocht, do scileanna agus don iomaíochas tionsclaíoch, le Bauhaus Eorpach Nua cuideofar lena áirithiú go mbeidh an Eoraip ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain maidir le réitigh ardcháilíochta, inbhuanaithe agus inacmhainne.

**Ní leor maoiniú poiblí ann féin chun an claochlú a chur i gcrích.** Léirítear leis na tionscadail Bauhaus Eorpach Nua go bhfuil sé sábháilte infheistíocht a dhéanamh i réitigh chomhtháite toisc go bhforbraítear leo tacaíocht saoránach agus rannphairtíocht úsáideoirí deiridh, rud a fhágann go mbeidh timpeallachtaí tarraingteacha agus geilleagair áitiúla bhríomhara ann. Ionstraimí amhail InvestEU, d'fhéadfaidís cuidiú le hinfheistíocht phríobháideach bhreise a shlógadh. D'fhorbair an Coimisiún Eorpach, i gcomhpháirtíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI), **Treoirlínte Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua**[6] chun dea-chleachtais agus ráthaíochtaí cáilíochta a chur ar fáil d'infheisteoirí agus d'fhorbróirí a chuirfidh borradh faoi infheistíochtaí tionchair lena ndéanfar foirgnimh, spásanna poiblí agus comharsanachtaí a chlaochlú feadh luachanna Bauhaus Eorpach Nua. Chun cur leis na treoirlínte sin, cuirfidh an Coimisiún — *via* Acadamh Bauhaus Eorpach Nua — dlús leis an ngníomhaíocht agus éascóidh sé **meaitseáil idir coincheapa Bauhaus Eorpach Nua agus foinsí cistiúcháin**, lena n-áirítear samhlacha nuálacha cistiúcháin.

Trí nuálaíocht, cruthú gnó agus oiliúint a chur i dteannta a chéile, is maith is féidir leis an **Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht** (EIT) agus a **Pobail Eolais agus Nuálaíochta** (PENanna) tacú le cineál claochlaitheach agus trasdisciplíneach Bauhaus Eorpach Nua. Is é is aidhm dó go háirithe **tacú le fiontraithe agus FBManna** in earnálacha a bhaineann le Bauhaus Eorpach Nua — amhail foirgníocht, dearadh, faisean, ceardaíocht, agraibhia, monaraíocht, fuinneamh agus soghluaisteacht — chun a gcuid smaointe a thabhairt chuig an margadh.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **Lipéad Bauhaus Eorpach Nua a fhorbairt chun luach saothair a thabhairt do thionscadail agus cleachtais Bauhaus Eorpach Nua** agus chun a n-infheictheacht le haghaidh tionscnóirí agus infheisteoirí ionchasacha a mhéadú.
- **Forbairt léiritheoirí Bauhaus Eorpach Nua a chistiú** ar mhaithe le réitigh nuálacha amhail úsáid spáis ingearaigh, oll-oiriúnú comhpháirteanna tógála modúlaí lasmuigh den láthair, bonneagair shóisialta i gcomharsanachtaí, comharsanachtaí idirghlúine nó aghaidh a thabhairt ar an easpa dídine.
- Na Ballstáit a spreagadh chun **Tionscadal Suaitheanta Bauhaus Eorpach Nua amháin a fhorbairt in aghaidh an Bhallstáit** tríd an mBeartas Comhtháthaithe.
- **Tacú le fiontraithe agus FBManna** in earnálacha atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua, go háirithe ***via* EIT**, trí chuidiú leo rochtain a fháil ar chistiú chun réitigh nua a thráchtálú agus a uas-scálú.
- Trí chomhpháirt rolladh amach Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua, **tacú le hearnálacha atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua** — tógáil, dearadh, faisean, ceardaíocht, agraibhia, monaraíocht, fuinneamh, soghluaisteacht — chun modhanna,

[6] Treoirlínte Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua - Bauhaus Eorpach Nua - an tAontas Eorpach

próisis agus cleachtais nuálacha Bauhaus Eorpach Nua a chur in úsáid agus a uas-scálú lena gcomhcheanglaítear inbhuanaitheacht, cuimsiú agus cáilíocht.

- **Dea-shampla a thabhairt** trí chur chuige Bauhaus Eorpach Nua a chur i bhfeidhm maidir le tógáil nó athchóiriú fhoirgnimh an Choimisiúin, arna spreagadh ag samplaí amhail an **foirgneamh glan-dearfach ó thaobh fuinnimh de chuid JRC in Sevilla** a bheidh ann amach anseo agus **Fóram JRC do Shaoránaigh in Geel**, agus tríd an gcur chuige sin a chur chun cinn in institiúidí eile de chuid an Aontais, agus in institiúidí náisiúnta agus áitiúla eile.





*Foirgneamh de chuid JRC in Sevilla a bheidh ann amach anseo, a thógfar de réir luachanna agus phrionsabail Bauhaus Eorpach Nua - © Playtime*

### *2.1.2 Claochlú cuimsitheach inbhuanaithe comharsanachtaí arb í an dea-cháilíocht is bonn leis*

Tá méadú ag teacht ar neamhchosaint pobal áitiúil agus comharsanachtaí áitiúla ar an **athrú aeráide, ar chailliúint na bithéagsúlachta, ar ghanntanas uisce agus ar rioscaí arb é an duine is cúis leo,** amhail triomaigh, falscaithe, tuilte agus ganntanas uisce, agus bíonn siad neamhchosanta i gcónaí ar thruailliú, lena n-áirítear truailliú ó théamh salach[7], ar nithe iad uile a bhaineann an bonn den tslándáil eacnamaíoch, a dhoimhníonn éagothromaíochtaí sóisialta agus sláinte[8] agus a chuireann *dóigh bheatha* na hEorpa i mbaol. Tá géarghá leis an gComhaontú Glas don Eoraip agus an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan a chur chun feidhme ar an láthair trí aistriú cóir. Is éard atá i gceist leis sin réitigh inacmhainne a chur ar fáil do gach saoránach agus borradh a chur faoi athléimneacht agus ullmhacht comharsanachtaí i gcomhair géarchéimeanna, agus éagsúlacht chultúrtha agus oidhreacht áitiúil na hEorpa á n-urramú san am céanna.

Le Bauhaus Eorpach Nua **cothófar claochluithe áitbhunaithe lena gcuirfear borradh faoi ullmhacht daoine agus pobal** le haghaidh rioscaí a bhaineann leis an aeráid agus le haghaidh tubaistí nádúrtha, i gcomhréir le Straitéis an Aontais um Aontas na hUllmhachta[9], agus oibreofar i dtreo deireadh a chur de réir a chéile leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise trí shoghluaisteacht inbhuanaithe éifeachtúil agus trí tháirgeadh agus tomhaltas fuinnimh inár stoc tithíochta. Tacaíonn an Coimisiún cheana féin le cumhachtú na saoránach chun tabhairt faoi

[7] Féach EEA 2025: *EU Heating and Cooling Systems Drive Air Pollution, Urgent Action Needed*. [EEA 2025: Truailliú Aeir á Spreagadh ag Córais Téimh agus Fuaraithe AE, Gá le Gníomhaíocht Phráinneach.]
[8] Féach an tAtlas Eorpach um an gComhshaol agus um an tSláinte.
[9] Féach an Straitéis um Aontas na hUllmhachta JOIN (2025) 130 final.

thionscadail athchóirithe agus oiriúnú don athrú aeráide, mar shampla, trí Mhisin an Aontais maidir le Cathracha Aeráidneodracha Cliste agus maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide, agus tríd an tionscnamh um Athchóiriú faoi Stiúir na Saoránach[10]. Le turgnamhaíocht Bauhaus Eorpach Nua agus réitigh chomhdheartha, féadtar éifeachtacht na **pleanála spásúlachta a léiriú lena gcomhtháthaítear réitigh ísealcharbóin dúlrabhunaithe atá tíosach ar uisce agus athléimneach ó thaobh uisce de, chomh maith le nuálaíocht shóisialta**, agus ar an gcaoi sin, beifear in ann pobail a dhéanamh níos sábháilte, níos sláintiúla agus níos athléimní.

Le hathriochtú foirgneamh[11], go háirithe nuair a tharlaíonn sé i dteannta cleachtais shóisialta amhail úsáid mheasctha, babhtáil árasán nó maireachtáil idirghlúine, is féidir **cuidiú le tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe a chur ar fáil do chách**, agus ar an gcaoi sin moill a chur ar an tsraoilleáil uirbeach agus ar shéalú ithreach, comhtháthú sóisialta agus glacadh sóisialta a chothú agus ár n-oidhreacht chultúrtha á cosaint san am céanna. Le Bauhaus Eorpach Nua bainfear leas as acmhainneacht foirgneamh folamh agus tearcáitithe sa timpeallacht thógtha, agus **tabharfar tús áite d'úsáid níos fearr a bhaint as foirgnimh atá ann cheana** de rogha ar scartáil agus tógáil nua; rannchuideofar freisin le **treoirthionscadal na hUirlise um Chomhordú Iomaíochais** maidir le tógáil thionsclaithe. Is féidir an soláthar, le tacaíocht ó chritéir thrédhearcacha, a bheith ina spreagadh tábhachtach freisin le cleachtais agus táirgí inbhuanaithe le haghaidh comharsanachtaí a ghlacadh.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tacú le pobail maidir lena n-iarrachtaí **an athléimneacht in aghaidh tubaistí nádúrtha a neartú, lena n-áirítear cosc géarchéime agus ullmhacht i gcomhair géarchéimeanna, agus maidir le téarnamh agus atógáil iarthubaiste**, trí thionscnaimh chomhtháite ón mbun aníos a mhaoiniú amhail réitigh nuálacha dhúlrabhunaithe atá tíosach ar uisce, réitigh a bheidh faoi stiúir an chultúir.
- Fothú acmhainneachta, forbairt uirlisí agus comhroinnt dea-chleachtas a áirithiú maidir le **hoiriúnú do thubaistí nádúrtha a fhorbairt**, lena n-áirítear **tuilte**[12], **maolú an riosca falscaithe**[13], **athchóiriú éiceachóras uirbeach**[14], agus maidir le measúnú cuimsitheach ar rioscaí agus ar bhagairtí.
- **Anailísíocht a chumhachtaítear le IS a chur chun cinn, chun cinnteoireacht shonraíbhunaithe a chumasú** chun dúshláin a réamh-mheas agus pleanáil spásúlachta níos cliste a chomhfhorbairt[15], agus Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla a chur in úsáid le haghaidh atógála, agus uirlisí a chumasaítear le IS a chur ar fáil do na húdaráis chun gur féidir leo tionscadail tógála a bhainistiú go trédhearcach[16].
- Tacú le **hinbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na timpeallachta tógtha** trí mhodheolaíocht choiteann[17] agus fianaise a sholáthar ar dhícharbónú foirgneamh

[10] Baile - Athchóiriú faoi stiúir na saoránach - an Coimisiún Eorpach
[11] Áirítear le 'hathriochtú' athruithe ar an bplean spáis nó athruithe feidhme go húsáid nua, ar athruithe iad nach gcumhdaítear go hiondúil le hathchóiriú, i gcomhréir leis na caighdeáin a leagtar síos leis an gCoiste Eorpach um Chaighdeánú (CEN).
[12] Féach an treoraíocht theicniúil ar leibhéal an Aontais maidir le foirgnimh a chur in oiriúint don athrú aeráide.
[13] Cuirfidh an Coimisiún Straitéis Eorpach maidir le Falscaithe a chosc i láthair go luath in 2026.
[14] Féach Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1991 maidir le hathchóiriú dúlra.
[15] https://interoperable-europe.ec.europa.eu/collection/ldttoolbox
[16] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/digital-twin-reconstruction-ukraine
[17] Féach creat an Aontais maidir le ríomh an phoitéinsil téimh dhomhanda ar feadh saolré foirgnimh: Rialachán Tarmligthe ón gCoimisiún lena leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir (AE) 2024/1275, C(2025) 8723 - PE/2025/8966.

agus treoraíocht maidir le tús áite a thabhairt d'úsáid éifeachtúil na timpeallachta tógtha[18].

- **Nósanna imeachta soláthair a chothú lena gcumasófar réitigh inbhuanaithe chuimsitheacha a bheidh bunaithe ar cháilíocht**, go háirithe trí Chlár Soláthair Nuálaíochta na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE), agus féachaint le soláthar réiteach inbhuanaithe a chur chun cinn tríd an **athbhreithniú a dhéanfar go luath ar an Treoir maidir le Soláthar Poiblí**.
- Úsáid a bhaint as comhpháirt T&N Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua chun **taighde agus nuálaíocht** a mhaoiniú **ar mhaithe le comharsanachtaí a athbheochan** trí dhearadh don inbhuanaitheacht agus don chuimsiú.

## 2.2 Saoránaigh a chumhachtú trí phróisis rannpháirtíochta chun comharsanachtaí daonlathacha, cuimsitheacha agus athléimneacha a thógáil

**Is bunphrionsabal de chuid Bauhaus Eorpach Nua í an rannpháirtíocht**. Mar a shainmhínítear i gCompás Bauhaus Eorpach Nua[19], is é atá i gceist le rannpháirtíocht a oiread agus a bhíonn pobail a ndéanann tionscadal difear dóibh rannpháirteach i ndearadh, i gcinnteoireacht, i gcur chun feidhme agus i mbailíochtú an tionscadail sin. **I ndeireadh na dála, braitheann athléimneacht chomharsanachtaí na hEorpa ar a gcumas teagmháil a dhéanamh lena bpobail** agus freastal ar na saoránaigh uile. Cuir chuige thrasdisciplíneacha agus modheolaíochtaí deartha fianaisebhunaithe lena dtugtar le chéile saineolas ó réimse páirtithe leasmhara agus disciplíní, ní hamháin go bhfuil na cuir chuige agus na modheolaíochtaí sin níos ionadaíche agus níos comhleanúnaí a mhéid a bhaineann le riachtanais na saoránach, ach **cothaítear leo freisin muinín agus deimhneacht dhlíthiúil d'fhorbróirí tionscadail, méadaíonn siad inghlacthacht agus neartaíonn siad an chreatlach shóisialta**. Tá ról ríthábhachtach ag spásanna poiblí cuimsitheacha freisin chun naisc shóisialta a éascú, an comhionannas i gcoitinne a chur chun cinn, mar aon le cothroime inscne agus cothroime idirghlúine, muintearas a chruthú agus, ar deireadh, daonlathas pobail a chothú[20].

**Dea-chleachtais Bauhaus Eorpach Nua chun an daonlathas áitiúil a neartú agus chun pobail a nascadh le chéile**

- ❖ **NEB-STAR:** tionscnamh lena gcruthaítear samhlacha rialachais agus maoiniúcháin chun foirgnimh a athúsáid, chun uaisliú a chosc agus chun forbairt uirbeach a dhaonlathú [Fís Eorpach].
- ❖ **SOFTAcademy:** tionscnamh lena n-athchóirítear foirgnimh árasán réamhdhéanta ón ré Shóivéadach i dTaillinn trí bhíthin cur chuige iomlánaíoch ar leibhéal na comharsanachta [CFRE]
- ❖ **Spásanna a Ghníomhachtú tríd an tionscadal 'neuroDiverse Publics':** cuidítear le húdaráis phoiblí in Barcelona feabhas a chur ar chlóis súgartha agus ar limistéir phoiblí le haghaidh leanaí a bhfuil uathachas orthu [Comhphobal EIT Bauhaus Eorpach Nua].

[18] Ar bhonn staidéar ón gCoimisiún: Oifigí a thiontú ina dtithíocht inacmhainne, leordhóthanacht san earnáil thógtha agus úsáid níos éifeachtúla a bhaint as an stoc foirgneamh (torthaí lár 2027).
[19] Úsáid an Compás — Bauhaus Eorpach Nua — an tAontas Eorpach.
[20] Mar a léiríodh san Achoimre maidir le hEolaíocht le haghaidh Beartais de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde maidir le Spásanna Poiblí.



*© NEB STAR – SOFTAcademy © SvenZacek – ©ASDpublics*

Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún **leas a bhaint as acmhainneacht chlaochlaitheach Bauhaus Eorpach Nua chun tacú leis an daonlathas áitiúil**, chun an méadú ar an deighilt inár sochaithe a chomhrac agus chun pobail, chomh maith le comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí áitiúla, a chumhachtú. Is é is aidhm do Bauhaus Eorpach Nua borradh a chur faoi acmhainneachtaí na n-údarás poiblí agus na bpáirtithe leasmhara chun **fíorchleachtais rannpháirtíochta agus thrasdisciplíneacha a chomhtháthú i bpróisis deartha agus chinnteoireachta tionscadal forbartha áitiúla**, rud a chuirfidh ar chumas na saoránach a gcomharsanachtaí amach anseo a chomhchruthú agus a chur in oiriúint do riachtanais áitiúla. Leis an tionscnamh tacófar leis an g**claochlú áitiúil trí thurgnamhaíocht a úsáid, lena n-áirítear turgnamhaíocht le huirlisí réaltachta digití agus fíorúla** do shaoránaigh agus do ghairmithe chun gur féidir leo timpeallachtaí maireachtála cuimsitheacha, áille agus inbhuanaithe a chomhdhearadh, a chomhchruthú agus a chomhbhainistiú.

Le Bauhaus Eorpach Nua forbraítear agus soláthraítear uirlisí nuálacha **chun tacú le próisis rannpháirtíochta daonlathaí ar an leibhéal áitiúil**, rud a rannchuidíonn le cuspóirí na Sciathe Eorpaí don Daonlathas[21] a chur chun feidhme ar an láthair. Feidhmíonn sé mar **chatalaíoch chun saoránaigh a chumhachtú sa chlaochlú áitiúil**, lena n-áirítear saoránaigh i réigiúin iar-thionsclaíocha nó réigiúin ina mbíodh mianadóireacht dhonn ar siúl, agus i gceantair fho-uirbeacha faoi mhíbhuntáiste. **Le Compás Bauhaus Eorpach Nua agus bosca uirlisí Bauhaus Eorpach Nua[22], cuidítear le saoránaigh agus le pobail** a dtimpeallacht mhaireachtála féin a mhúnlú trí chur chuige céim ar chéim maidir le rannpháirtíocht, comhchruthú agus idirphlé. Tá na **23 Léiritheoir Tionscadal Suaitheanta Bauhaus Eorpach Nua[23]** tar éis os cionn 90 comharsanacht a athbheochan i gcomhpháirt le cónaitheoirí, agus tá uirlisí forbartha acu chun an phleanáil uirbeach a dhaonlathú.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **Dearadh daonlathach agus comhúinéireacht na saoránach ar phróisis athghiniúna uirbeacha agus tuaithe** a leathnú trí úsáid a bhaint as **ardáin dhigiteacha, réaltacht fhíorúil agus timpeallachtaí digiteacha tumthacha** trí na Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla agus CitiVERSE[24].

[21] EUR-Lex - 52025JC0791 - GA - EUR-Lex
[22] Bosca Uirlisí Bauhaus Eorpach Nua
[23] Tionscadail a d’eascair as an gcéad sraith de ghlaonna Bauhaus Eorpach Nua in 2021–2022 faoi chláir chistiúcháin éagsúla de chuid an Aontais.
[24] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/factpages/citiverse

- Eagrán 2026 de **Bhorradh Bauhaus Eorpach Nua do Bhardais Bheaga** a sheoladh chun luach a saothair a thabhairt do phríomhghníomhaithe áitiúla as a rannchuidiú le sochaithe cuimsitheacha inbhuanaithe a thógáil.
- Mar chuid den **Sciath Eorpach don Daonlathas agus chun rannchuidiú le Straitéis an Aontais maidir le Cothroime Idirghlúine a bheidh ann amach anseo**, tacú leis an daonlathas áitiúil trí chuir chuige nuálacha maidir le rannpháirtíocht an phobail, naisc idirghlúine, agus spásanna poiblí cuimsitheacha.
- **Tacú leis na húdaráis phoiblí agus próisis rannpháirtíochta á ndearadh agus á gcur chun feidhme acu** i gclaochlú comharsanachtaí trí leas a bhaint as Lárionad Inniúlachta an Aontais maidir le Daonlathas Rannpháirteach agus Dioscúrsach[25] i gcomhpháirt leis na Painéil Saoránach Eorpach agus an tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach[26].

## 2.3 Leas a bhaint as cumhacht chlaochlaitheach an oideachais, na n-ealaíon agus an chultúir chun borradh a chur faoin gcruthaitheacht agus faoin nuálaíocht ar mhaithe leis an gclaochlú áitiúil

**Is gné lárnach d'fholláine an duine aonair agus na bpobal iad an cultúr agus na healaíona** agus tá sé de chumhacht acu cruthaitheacht agus nuálaíocht a scaoileadh. Is iad atá i gcroílár struchtúr sibhialta lena gcothaítear comhbhá, caoinfhulaingt, cothroime idirghlúine agus comhtháthú sóisialta.

Is bunchlocha iad an dearadh agus an ailtireacht spásúil de fhreagairt trasdisciplíneach amach is amach ar éilimh shóisialta agus ar dhúshláin chomhshaoil. **Is gné í an cháilíocht deartha lena mealltar inghlacthacht agus cistiú.** Dearthóirí, ailtirí agus ealaíontóirí a chomhtháthaíonn inbhuanaitheacht, cuimsiú agus cáilíocht ina dtionscadail, scaoileann siad tacaíocht airgeadais agus glacadh pobail araon toisc gurb é atá á thógáil acu ar deireadh réitigh chruthaitheacha, fhóinteacha agus mharthanacha atá inacmhainne agus costéifeachtach, agus atá mar a bheadh sainchomharthaí den chultúr agus den stair áitiúil. Mar a aithníodh sa Chompás Cultúir don Aontas Eorpach[27], is tionscnamh tábhachtach é Bauhaus Eorpach Nua maidir le **cultúr comhroinnte ailtireachta agus deartha a chur chun cinn agus maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i maireachtáil ardcháilíochta** do chách.

**Dea-chleachtais Bauhaus Eorpach Nua lena léirítear cumhacht na n-ealaíon, an chultúir, an oideachais agus an taighde**

- ❖ **Bauhaus of the Seas Sails [Bauhaus na Seolta Farraigí]:** lena spreagtar ealaíontóirí chun luach an aigéin a chur i dtábhacht agus lena nasctar pobail chósta agus intíre trí spásanna cultúrtha [Fís Eorpach].
- ❖ **Bauhaus4EU:** An Chomhghuaillíocht d'Ollscoileanna Eorpacha lena spreagtar claochlú réigiúnach Bauhaus Eorpach Nua trí athnuachan campais, saotharlanna beo agus curaclaim thrasdisciplíneacha [Erasmus+].

[25] Daonlathas Rannpháirtíochta
[26] An tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach - an tArdán um Rannpháirtíocht Saoránach
[27] EUR-Lex - 52025DC0785 - GA - EUR-Lex

❖ **Cultuur&Campus:** lena n-athchóirítear foirgneamh oidhreachta in Rotterdam chun mol foghlama ilfheidhmeach a dhéanamh de, trí úsáid a bhaint as uirlisí ealaíne lena meallfar cónaitheoirí agus lena ndéanfar scéalta a dhoiciméadú [Fís Eorpach].





*© Bauhaus of The Sea Sails - © Bauhaus4EU - © Cultuur&Campus*

Is den ríthábhacht iad an t-oideachas agus an cultúr chun feasacht a mhúscailt maidir leis na tairbhí a bhaineann le cuir chuige iomlánaíocha trialacha, i dteannta modheolaíochtaí deartha fianaisebhunaithe. Cuirfidh an Coimisiún **luachanna Bauhaus Eorpach Nua chun cinn i scoileanna** ar fud na hEorpa tríd an gComhghuaillíocht 'Education4Climate'[28] agus trína chuid oibre maidir le timpeallachtaí foghlama scoile ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht[29].

Tacóidh an Coimisiún freisin le gníomhaíocht chun deireadh a chur le smaointeoireacht neamh-chomhtháite idir réimsí na healaíne, na heolaíochta agus na hearnála tionsclaíochta, ós rud é go léirítear le tionscadail Bauhaus Eorpach Nua gur féidir comhar i dtreo athrú ó bhonn a spreagadh ach **ealaíontóirí a leabú i dtimpeallachtaí teicneolaíochta agus eolaíocha agus *vice versa***, agus is comhar é sin as a dtiocfaidh nuálaíocht agus aschuir choincréiteacha. I sineirgíocht leis na gníomhaíochtaí a fógraíodh faoin gCompás Cultúir don Eoraip, cothófar le Bauhaus Eorpach Nua **idirghníomhaíocht gairmithe cultúrtha, ealaíontóirí agus acadóirí le gníomhaithe sna hearnálacha tionsclaíochta agus tógála** chun dearcthaí nua a chur ar fáil, saolta malartacha amach anseo a shamhlú agus réitigh réamhbhreathnaitheacha agus smaointeoireacht as an nua a chomhchruthú chun comharsanachtaí a athghiniúint.

I gcomhréir le **conclúidí 2021 ón gComhairle** i leith an cultúr, an ailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta a bheith ina bpríomhghnéithe den tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua[30], cuireann an Coimisiún cur chuige rannpháirtíochta chun cinn i leith na timpeallachta tógtha, cur chuige atá bunaithe ar chultúr, fianaise agus cáilíocht, go háirithe trí thacú le glacadh **Chóras Cáilíochta Davos Baukultur**[31] agus leis na moltaí ó ghrúpa saineolaithe na mBallstát maidir le hailtireacht agus timpeallacht thógtha ardcháilíochta do chách[32].

---

[28] https://education-for-climate.ec.europa.eu/community/
[29] Greening schools: New report on school learning environments for sustainability [Scoileanna a ghlasú: Tuarascáil nua ar thimpeallachtaí foghlama scoile ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht] | An tArdán Eorpach um Oideachas Scoile
[30] 2021/C 501 I/03
[31] Córas Cáilíochta Davos Baukultur
[32] Baile - I dtreo cultúr comhroinnte ailtireachta - EAC

Déanfaidh an Coimisiún agus a chomhpháirtithe an méid seo a leanas:

- Togra a chur faoi bhráid na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa chun **Príomhchathracha Cultúir na hEorpa a neartú** sa chaoi go mbeidh sineirgíochtaí ann le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua.
- **Saotharlann Aigéin Bauhaus Eorpach Nua a bhunú chun comhar a chothú sa mhuirthimpeallacht** agus chun rannchuidiú leis an Tionscnamh Eorpach um Fhaire na nAigéan[33].
- Daoine óga a spreagadh le páirt a ghlacadh i gcaomhnú oidhreacht na hEorpa agus san athghiniúint uirbeach agus tuaithe trí **Bhealach Bauhaus Eorpach Nua laistigh de DiscoverEU**.
- Tacú le **cónaitheacht ealaíontóirí Bauhaus Eorpach Nua** tríd an tionscnamh 'Culture Moves Europe'.

## 3. CUMASÓIRÍ

### 3.1 Rannpháirtíocht Chomhphobal Bauhaus Eorpach Nua agus rannpháirtíocht phobail

Tá fás ag teacht ar Bauhaus Eorpach Nua a bhuí le treallús a **Chomhphobail, ina bhfuil beagnach 2 000 comhalta poiblí agus príobháideach**, idir eagraíochtaí áitiúla agus eagraíochtaí idirnáisiúnta ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin, a bhíonn ag plé le réimsí éagsúla amhail cultúr, oideachas, ailtireacht, oidhreacht, foraoiseacht, tógáil, tithíocht agus faisean, agus a shroicheann na milliúin saoránach agus gnólachtaí trí Fhéile Bauhaus Eorpach Nua agus trí Dhuaiseanna Bauhaus Eorpach Nua.

Cé gur féidir leis an gCoimisiún a chion féin a dhéanamh, níl sa chion sin ach cuid den obair. **Tá gníomhaíochtaí glactha go gníomhach ag Comhphobal Bauhaus Eorpach Nua:** ó scéimeanna cistiúcháin áitiúla go caighdeáin tógála atá ailínithe le Bauhaus Eorpach Nua, chomh maith le cláir mháistreachta agus dhochtúireachta Bauhaus Eorpach Nua. Tá sé ag gníomhú mar a bheadh fíorinneall an tionscnaimh agus iolraitheoir chistiú agus thacaíocht an Aontais, rud a fhágann gur féidir réitigh arna gcruthú ag Bauhaus Eorpach Nua a mhacasamhlú agus a uas-scálú.

Tá **malartú eolais agus dea-chleachtais ríthábhachtach**, go háirithe nuair a bhíonn gá le tuilleadh claochlaithe agus luathaithe, go minic i gcás cur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil. Le Bauhaus Eorpach Nua seolfar **treoirthionscadal do chathracha ionas gur féidir leo réitigh a mhalartú maidir le hathléimneacht na timpeallachta tógtha** in aghaidh an athraithe aeráide agus tubaistí nádúrtha. Tabharfaidh Comhphobal Bauhaus Eorpach Nua na páirtithe leasmhara le chéile chun uirlisí agus réitigh le haghaidh claochlú a chomhchruthú, a fhréamhshamhaltú agus a thástáil, go háirithe trína **Shaotharlanna nuálacha**. Tá ocht dtionscadal á n-óstáil ag Saotharlanna Bauhaus Eorpach Nua faoi láthair, lena dtéitear i ngleic le raon leathan ábhar — ina measc an bonneagar poiblí san Úcráin[34], an t-aistriú glas i réigiún na Danóibe[35], agus an Nua-Aoiseachas Tras-Eorpach[36] — agus tá tionscadail nua á gcruthú, go háirithe chun réitigh a sholáthar maidir le tithíocht inacmhainne.

Chun cur leis an taithí sin, tá sé d'aidhm ag an gCoimisiún **an Comhphobal Bauhaus Eorpach Nua a leathnú agus a éagsúlú**, comhaltaí nua a mhealladh ó earnálacha, grúpaí agus réimsí

[33] Gníomhaíocht shuaitheanta fógartha sa Chomhshocrú Eorpach um an Aigéan
[34] Bonneagar Poiblí don Úcráin - Bauhaus Eorpach Nua - an tAontas Eorpach
[35] Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua: Bauhaus Eorpach Nua ar an Danóib - Bauhaus Eorpach Nua
[36] Tionscnamh Tríbhliantúil an Nua-Aoiseachais (ETOM) - Bauhaus Eorpach Nua

beartais éagsúla, rannpháirtíocht a mhéadú agus bonn eolais a chur faoi bheartais ábhartha. Déanfaidh an Coimisiún **an úsáid is fearr is féidir a bhaint as uirlisí digiteacha chun idirghníomhaíochtaí agus comhar a éascú**, go háirithe ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal áitiúil agus le haghaidh comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, agus chun é a dhéanamh níos éasca agus níos tapa dea-chleachtais agus sonraí fianaisebhunaithe a chomhroinnt. Féachfaidh sé le sineirgí a bhaint amach agus déanfaidh sé an comhar le tionscnaimh ghaolmhara a uasmhéadú, go háirithe trí **luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i gCúnant na Méaraí, sa Chomhshocrú Aeráide Eorpach agus i gComhaontú na gCathracha Glasa**.

Déanfaidh an Coimisiún agus Comhphobal Bauhaus Eorpach Nua an méid seo a leanas:

- **Líonra AE d'Ambasadóirí áitiúla Bauhaus Eorpach Nua a bhunú**, i gcomhar le Craobhacha Áitiúla Bauhaus Eorpach Nua agus, i gcás inarb ábhartha, le hionaid EUROPE DIRECT.
- **Saotharlann Bauhaus Eorpach Nua a bhunú maidir le tithíocht inacmhainne** chun dea-chleachtais a bhailiú maidir le réitigh tithíochta inacmhainne lena ndíreofar ar thógáil lasmuigh den láthair agus ar dhlúthú i sineirgíocht le Comhghuaillíocht Tithíochta an Aontais.
- Borradh a chur faoi rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus faoi mhalartú dea-chleachtas trí **Fhéile dhébhliantúil Bauhaus Eorpach Nua**, trí dhíriú ar thopaicí tosaíochta amhail an tithíocht agus an daonlathas, agus trí imeachtaí ábhartha eile amhail **Oíche Eorpach na dTaighdeoir**í.
- **Duaiseanna Bauhaus Eorpach Nua** a chur chun cinn chun dea-chleachtais a chúiteamh agus chun feasacht a mhúscailt maidir le réitigh nuálacha, agus **duaiseanna speisialta** a fhorbairt le haghaidh athléimneacht uisce (2026) agus le haghaidh cóiríocht nuálach do mhic léinn (2027).
- Spás coiteann a chur ar fáil do réigiúin agus do chathracha chun gur féidir leo comhchruthú agus foghlaim le chéile trí **'Thuras Turgnamhaíochta Bauhaus Eorpach Nua, 'Transforming Territories'** [Críocha a Chlaochlú][37], agus **treoirthionscadal i gcomhar le cathracha ina dhiaidh sin** maidir le hathléimneacht na timpeallachta tógtha.
- Sineirgí agus comhar a áirithiú idir comhaltaí Chomhphobal Bauhaus Eorpach Nua agus **Comhghuaillíocht Tithíochta an Aontais** a bheidh ann amach anseo.

### 3.2 Acadamh Bauhaus Eorpach Nua: Eolas, Scileanna, Nuálaíocht agus Cistiú

Tá raon leathan ollscoileanna agus ionad inniúlachta tar éis tosú ag rannchuidiú go gníomhach le Bauhaus Eorpach Nua, chun taighde a chothú, chun bheith ar thús cadhnaíochta maidir le samhlacha nua oideachais agus oiliúna, agus chun eolas a nascadh le feidhmchláir ghnó. In 2022, sheol an Coimisiún Eorpach Acadamh Bauhaus Eorpach Nua[38] maidir le scileanna ar mhaithe le tógáil inbhuanaithe, tionscnamh lena dtugtar taighdeoirí agus cleachtóirí le chéile chun dlús a chur le huas-sciliú agus athsciliú oibrithe san éiceachóras tógála. **Is é a bheidh in Acadamh Bauhaus Eorpach Nua anois an bonneagar lárnach** le haghaidh eolais agus taighde, turgnamhaíocht agus nuálaíocht shábháilte, agus forbairt scileanna, agus soláthrófar leis nasc dinimiciúil chun a áirithiú go ndíreofar an t-eolas uile a tháirgtear faoi T&N Shaoráid

[37] Réamhbheart (2024–2026) - Nuálaíocht ar mhaithe le claochlú áitbhunaithe
[38] Acadamh Bauhaus Eorpach Nua - Bauhaus Eorpach Nua - an tAontas Eorpach

Bauhaus Eorpach Nua i dtreo gníomhaíochtaí scilithe, fothú acmhainneachta agus nuálaíocht fheidhmeach.

Is iad na trí shruth seo a leanas a dhéanfaidh Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a chumhachtú:

### *3.2.1 Fothú acmhainneachta agus forbairt scileanna*

Ós rud é gur creat le haghaidh oiliúna, fothú acmhainneachta agus forbairt scileanna é, cothófar le hAcadamh Bauhaus Eorpach Nua athruithe sistéamacha ar fud earnálacha. Leis an Acadamh **aistreofar léargais taighde ina scileanna praiticiúla, forbrófar creataí oiliúna agus conairí foghlama** le haghaidh an lucht saothair, na n-údarás poiblí agus FBManna, agus neartófar ar fud na hEorpa cáilíocht, comhleanúnachas agus deimhniú oideolaíoch na hoiliúna a bhaineann le Bauhaus Eorpach Nua. Tabharfar aird faoi leith ar FBManna agus ar oibrithe oilte, mar aitheantas go bhfuil aistriú glan na hEorpa ag brath ar gheilleagar láidir táirgiúil agus ar ghníomhaithe beaga a chumasú le dul i mbun nuálaíochta agus le bheith iomaíoch. Leis an Acadamh tacófar leis an lucht saothair san éiceachóras tógála a uas-sciliú agus a athsciliú, go háirithe i gcás tógáil bhithbhunaithe agus dhúlrabhunaithe, agus déanfar a bhranda a uas-scálú ar mhaithe le cúrsaí ardcháilíochta agus ar mhaithe le taighde ceannródaíoch a nascadh le cleachtóirí. Áireofar leis sin tacaíocht do phrintíseachtaí agus gairmoiliúint lena ndíreofar ar dhaoine óga. Cuirfear chun cinn leis freisin úsáid **uirlisí digiteacha chun acmhainní, éifeachtúlacht agus cinnteoireacht arna spreagadh ag sonraí a optamú**, i gcomhréir le spriocanna na Deacáide Digití agus trí bhrath ar thairseach ghréasáin Chathracha an Aontais mar phointe rochtana coiteann ar uirlisí agus tionscnaimh de chuid an Aontais lena dtacaítear le haistrithe áitiúla.

Faoi chuimsiú níos leithne Aontas na Scileanna, le hAcadamh Bauhaus Eorpach Nua rannchuideofar freisin le **faisnéis scileanna** a fhorbairt ar leibhéal an Aontais, chun tacú leis an bhFaireachlann Eorpach um Thógáil[39], an Foras Eorpach Oiliúna[40], an Fhaireachlann Eorpach um Fhaisnéis Scileanna a bheidh ann amach anseo agus an Chomhpháirtíocht Scileanna ar Mórscála[41]. Rannchuideofar freisin leis an tionscnamh 'BUILD UP Skills'[42], a thacaíonn le hathchóiriú fuinnimh trí ardáin náisiúnta scileanna sna Ballstáit uile.

### *3.2.2 Eolas agus taighde*

**Le Bauhaus Eorpach Nua cuirtear turgnamhaíocht phraiticiúil maidir le claochlú áitiúil ar taispeáint**, agus gintear leis fianaise ar na tairbhí cultúrtha, sochaíocha agus comhshaoil a bhaineann le hathghiniúint agus comhdhearadh comharsanachtaí. Tá spéis as cuimse léirithe ag an bpobal eolaíochta i dtaighde a dhéanamh ar na modhanna agus ar na tionchair a bhaineann le cur chuige comhtháite den sórt sin, agus tá éiceachóras de chláir mháistreachta agus dhochtúireachta ann faoi láthair atá dírithe ar Bauhaus Eorpach Nua, chomh maith le foilseacháin eolaíocha atá ag teacht chun cinn ó thionscadail Bauhaus Eorpach Nua, amhail na Léiritheoirí Tionscadal Suaitheanta nó Comhghuaillíocht Acadamh Bauhaus Eorpach Nua. Mar sin féin, is tírdhreach an-ilroinnte é seo fós agus, dá bhrí sin, is teoranta an tionchar atá aige i dtéarmaí treoirphleananna tástáilte a thairgtear lena macasamhlú do **phobail, do ghairmithe, d'údaráis áitiúla, do ghnólachtaí agus do pháirtithe leasmhara eile**.

Trí bhíthin cur chuige fianaise-bhunaithe, agus trí leas a bhaint as deiseanna digiteacha, le hAcadamh Bauhaus Eorpach Nua tacófar le cleachtóirí, gairmithe, gnólachtaí agus údaráis maidir le luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú ina dtionscnaimh,

---

[39] An Fhaireachlann Eorpach um Thógáil
[40] Baile | ETF
[41] Tógáil
[42] https://build-up.ec.europa.eu/en/bup-skills

agus déanfar stóráil, comhroinnt agus measúnú sonraí agus fianaise ar dhea-chleachtas a optamú. **An t-eolas a ghintear trí thurgnamhaíocht agus trí mhodheolaíochtaí deartha fianaisebhunaithe**, tiomsófar é agus beidh sé inrochtana, agus soláthrófar leis sonraí agus treoirphleananna rathúla chun na turgnaimh Bauhaus Eorpach Nua is mó atá ag éirí leo a phríomhshruthú agus a rolladh amach. Trí **Mhol Bauhaus Eorpach Nua le haghaidh Torthaí agus Tionchair**[43], déanfar ceachtanna a foghlaimíodh, mar aon le huirlisí, a bhailiú, a anailísiú agus a chomhroinnt.

### *3.2.3 Forbairt gnó*

Tá uirlisí éagsúla forbartha ag an gCoimisiún chun cuidiú le forbróirí tionscadail agus tionscadail Bauhaus Eorpach Nua á ndearadh agus á gcur chun feidhme acu.[44] **Tacóidh Acadamh Bauhaus Eorpach Nua le FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus cleachtóirí cruthaitheacha** trí sheirbhísí comhairleacha agus boscaí uirlisí chun timpeallachtaí turgnamhaíochta a chumasú agus chun treoirphleananna Bauhaus Eorpach Nua a thriail. Chun cur leis na réitigh a forbraíodh i Saotharlanna Bauhaus Eorpach Nua agus trí thionscadail arna gcistiú ag an Aontas, cruthóidh Acadamh Bauhaus Eorpach Nua conairí chun gur féidir fás a theacht ar nuálaíocht idirdhisciplíneach atá faoi stiúir an phobail, agus chun gur féidir an nuálaíocht sin a mhacasamhlú agus a thabhairt chuig an margadh, mar shampla, trí ábhair bhithbhunaithe nuálacha a aistriú ón tsaotharlann go húsáid fheidhmeach sa tógáil agus san athchóiriú foirgneamh. Feidhmeoidh Bauhaus Eorpach Nua mar chumasóir ar an láthair chun reachtaíocht an Aontais maidir leis an ngeilleagar ciorclach agus an t-aistriú glan agus athléimneach ó thaobh uisce de a chur chun feidhme **trí thacú le gnólachtaí agus le páirtithe leasmhara atá ag bogadh i dtreo cleachtais inbhuanaithe nua**, mar shampla, i réimse an fhaisin trí thionscnamh 'Fashion Shift' Bauhaus Eorpach Nua (EIT).

**Cuirfidh EIT tacaíocht thiomnaithe ar fáil d'Acadamh Bauhaus Eorpach Nua** trí fheabhas a chur ar chomhroinnt eolais i measc thionscadail Bauhaus Eorpach Nua agus trí threoirthionscadail nuálaíochta a sheoladh *via* Cultúr & Cruthaitheacht EIT, trí nuálaíocht a chothú agus a uas-scálú *via* Turas Bauhaus Eorpach Nua[45] mar chuid de Chomhphobal EIT, agus trí chonair réamh-luasghéaraithe a thairiscint do nuálaithe luathchéime trí 'Jumpstarter' EIT[46]. Tacóidh an Coimisiún agus a chomhpháirtithe le hacmhainneachtaí agus le rochtain ar chistiú, go háirithe maidir le gníomhaithe beaga agus deiseanna cistiúcháin arna gcur in oiriúint do riachtanais áitiúla[47]. Cuirfidh siad leis na dea-chleachtais atá ann cheana **chun cistiú príobháideach a mhealladh** agus cuirfidh siad **samhlacha nuálacha rialachais agus maoiniúcháin** ar bun. Tacófar le tacaíocht infheistíochta freisin, lena n-áirítear tionscadail a mheaitseáil le hinfheisteoirí féideartha, tríd an **Ardán Infheistíochta Uile-Eorpach nua le haghaidh tithíocht inacmhainne agus inbhuanaithe**, a bhfuil Grúpa BEI, Bainc Náisiúnta le haghaidh Spreagadh, Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa (CEB), an Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF), agus institiúidí airgeadais eile páirteach ann.

Trí Acadamh Bauhaus Eorpach Nua, déanfaidh an Coimisiún agus a chomhpháirtithe an méid seo a leanas:

- **Tacú le huas-sciliú agus athsciliú na hearnála tógála agus a slabhra luacha** chun dlús a chur leis an aistriú i dtreo córas úsáide ábhair atá níos athghiniúnaí agus níos ciorclaí.

[43] Arna chur chun feidhme trí Fís Eorpach.
[44] Uirlisí agus acmhainní - Bauhaus Eorpach Nua - an tAontas Eorpach
[45] Féach Comhphobal EIT Bauhaus Eorpach Nua:Tuarascáil Tionchair 2025.
[46] 'Jumpstarter' EIT
[47] Mar shampla, trí BlueInvest agus trí Luasaire na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE).

- **Treoirthionscadail nuálaíochta agus oiliúna a sheoladh amhail 'Fashion Shift' Bauhaus Eorpach Nua** chun cuidiú le FBManna faisin straitéisí ciorclacha a fhorbairt agus leathnú isteach i margaí nua
- Tacú le gníomhaíocht thrialach le haghaidh **Comhchéim Eorpach fhéideartha de chuid Bauhaus Eorpach Nua** chun inniúlachtaí trasdisciplíneacha a fhorbairt i réimsí na hailtireachta, an deartha, na hinnealtóireachta inbhuanaithe, agus na n-ealaíon trí chéile, ar réimsí iad uile atá ábhartha maidir le Bauhaus Eorpach Nua ar leibhéal na hollscoile.
- Cur le **comhpháirtíochtaí idir ollscoileanna agus gnólachtaí**, agus comhpháirtíochtaí den sórt sin a chur ar bun, chun scileanna agus inniúlachtaí a fhorbairt in earnálacha a bhaineann le Bauhaus Eorpach Nua (mar shampla, lucht saothair agus fiontraithe amach anseo).
- **Ról Bauhaus Eorpach Nua a neartú mar spás don taighde ceannródaíoch**, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí fhoilseacháin eolaíocha agus tionóil acadúla maidir le cleachtais agus treoirphleananna Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn.
- **Táscairí agus treoraíocht a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí tionscnamh faoi stiúir an phobail** lena gcomhcheanglaítear inbhuanaitheacht, cuimsiú agus cáilíocht.
- **Catalóg dhigiteach de dhea-chleachtais agus treoirphleananna Bauhaus Eorpach Nua maidir le tithíocht inacmhainne athléimneach** a chur ar fáil i sineirgíocht le Treoirthionscadal Bauhaus Eorpach Nua maidir le cathracha, chun údaráis áitiúla, gnólachtaí agus cleachtóirí a chur ar an eolas faoi réitigh úrscothacha.
- I sineirgíocht leis an Ardán Eorpach Infheistíochta agus chun cur le treoirlínte infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua, feabhas a chur ar rochtain ar chistiú le haghaidh gníomhaithe beaga trí bhíthin **Mol Comhairleach Bauhaus Eorpach Nua**, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí dhul i dteagmháil le comhlachais daonchairdis, agus **Luasaire Infheistíochta Bauhaus Eorpach Nua** a fhorbairt i dteannta an mhoil sin chun maoiniú príobháideach, poiblí agus cumaiscthe a mhealladh agus a éascú, mar aon le forbairt samhlacha gnó nuálacha a bheidh bunaithe ar luachanna agus ar phrionsabail Bauhaus Eorpach Nua.

### 3.3 Cistiú agus rialachas

Le 5 bliana anuas, tá tacaíocht faighte cheana féin ag breis agus 700 tionscadal Bauhaus Eorpach Nua. Faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2021–2027, cuireadh EUR 1,4 billiún i leataobh le haghaidh Bauhaus Eorpach Nua, ar tháinig an chuid is mó de ón mbeartas comhtháthaithe (os cionn EUR 840 milliún) agus ó Fís Eorpach (os cionn EUR 530 milliún). Tá an chéad uirlis chistiúcháin ilbhliantúil ag Bauhaus Eorpach Nua anois a bhí aige riamh, agus é fréamhaithe sa Chlár Fís Eorpach: **Saoráid Bauhaus Eorpach Nua**, a bheidh i bhfeidhm ó 2025 go 2027[48]. Tá dhá chomhpháirt inti: comhpháirt taighde agus nuálaíochta[49], lena ngabhann buiséad táscach de thart ar EUR 120 milliún in aghaidh na bliana chun réitigh núíosacha a fhorbairt agus a léiriú; agus comhpháirt maidir le rolladh amach, chun éachtaí agus nuálaíochtaí Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme agus a uas-scálú, comhpháirt a mbeidh

[48] Féach Treochlár Saoráide NEB 2025–27.
[49] Gabhann buiséad táscach thart ar EUR 120 milliún in aghaidh na bliana leis an gcomhpháirt T&N, arna chur chun feidhme i gCláir Oibre Fís Eorpach le haghaidh 2025–2027.

sé d'aidhm aici an tairbhe chéanna a bhaint as cláir AE éagsúla, chomh maithe le cistiú náisiúnta agus príobháideach. **Déanfaidh an Coimisiún a dhícheall, i gcomhar leis na Ballstáit, úsáid, sineirge agus comhlántacht chistiú an Aontais a bharrfheabhsú** ar fud leibhéil éagsúla rialtais[50], agus rochtain ar chistiú a mhéadú, go háirithe le haghaidh gníomhaithe beaga. Go sonrach, leanfaidh an Coimisiún de na Ballstáit agus na réigiúin a spreagadh chun **luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a phríomhshruthú i gcur chun feidhme an bheartais comhtháthaithe** agus straitéisí agus beartas eile a bhaineann leis an timpeallacht thógtha, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh trí **Thionscadal Suaitheanta Bauhaus Eorpach Nua amháin a fhorbairt i ngach Ballstát**. I gcomhar leis na Ballstáit, féachfaidh an Coimisiún le tírdhreach na ndeiseanna cistiúcháin a éagsúlú, go háirithe chun borradh a chur faoin tacaíocht do thionscnaimh phobail. Iarrann an Coimisiún ar na comhreachtóirí freisin tacú lena thograí don **CAI a bheidh ann amach anseo, rud a fhágfaidh go mbeidh leanúnachas cistiúcháin ann do Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua tar éis 2027**[51].

**Chun an úsáid is fearr is féidir a bhaint as cistiú an Aontais, is gá go mbeadh ról mór ag na Ballstáit**, chun go mbeidís ag gníomhú mar nasc leis na gníomhaithe áitiúla agus chun a áirithiú go mbeidh rochtain acu ar chistiú, ach freisin chun an comhordú agus an comhleanúnachas a uasmhéadú maidir le hionstraimí agus beartais cistiúcháin trí chéile. **Cheap na Ballstáit Pointí Teagmhála Náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua in 2021.** Ó shin i leith, tá ról ríthábhachtach acu maidir le Bauhaus Eorpach Nua a chur chun feidhme ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal áitiúil. Tráth a bunaíodh Saoráid Bauhaus Eorpach Nua, bunaíodh dhá líonra bhreise: Pointí teagmhála náisiúnta T&N Bauhaus Eorpach Nua[52], chomh maith le líonra tiomnaithe d'údaráis bhainistíochta agus comhlachtaí ábhartha eile chun infheistíochtaí Bauhaus Eorpach Nua a chur chun cinn i gcláir an Bheartais Comhtháthaithe 2021–27[53].

D'ainneoin an dul chun cinn atá déanta, tá samhail agus acmhainní in easnamh ar fhormhór na mBallstát le haghaidh rialachas il-leibhéil trasearnála Bauhaus Eorpach Nua, a bheadh ina rialachas iomlánaíoch amach is amach, agus fágann sé sin go bhfuil deiseanna ann atá gan tapú ag na páirtithe leasmhara agus na húdaráis áitiúla. I ndlúthchomhar leis na Ballstáit, **déanfaidh an Coimisiún cúraimí na bpointí teagmhála náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua a athshainiú agus soláthróidh sé tacaíocht** trí fhothú acmhainneachta agus deiseanna cistiúcháin, rud a neartóidh a gcomhar leis na húdaráis bhainistíochta freisin, amhail Comhphobal P2P Bauhaus Eorpach Nua. Tá togra eisithe ag an gCoimisiún le haghaidh Moladh ón gComhairle arb é is aidhm dó **na Ballstáit a chumhachtú mar phríomhghníomhaithe i rialachas Bauhaus Eorpach Nua agus Bauhaus Eorpach Nua a dhéanamh oibríochtúil** ón gcomharsanacht go dtí an leibhéal Eorpach. Leis an gcur chun feidhme ní mór coimhdeacht agus sainiúlachtaí náisiúnta a urramú, agus cur ar a gcumas do na Ballstáit, na réigiúin agus na húdaráis áitiúla, Bauhaus Eorpach Nua a chur in oiriúint dá gcomhthéacsanna comhshaoil, cultúrtha agus sóisialta. Dá bhrí sin, treisíonn Bauhaus Eorpach Nua ról lárnach na mBallstát maidir le cuir chuige a dhearadh agus a stiúradh lena léirítear tosaíochtaí agus struchtúir rialachais náisiúnta agus riachtanais áitiúla, agus áirithítear leis sin go dtacaítear ar leibhéal an Aontais le roghanna beartais intíre agus go gcomhlánaítear iad, seachas roghanna eile a chur ina n-ionad. Tacóidh an **Seimeastar Eorpach agus Comhghuaillíocht Tithíochta nua an Aontais** leis na Ballstáit

[50] Chun cur freisin le dea-chleachtais amhail THRIVE | Tionól Réigiúnach an Deiscirt nó cur i bhfeidhm an Chiste um Aistriú Cóir chun claochlú aeráidneodrach na hearnála tionsclaíochta i réigiún mianadóireacht guail na Sacsaine-Anhalt a bhrú chun cinn.
[51] Tograí ón gCoimisiún maidir le Creat Airgeadais Ilbhliantúil 2028–2035
[52] Pointí teagmhála náisiúnta T&N a thacaíonn le cur chun feidhme chomhpháirt T&N Shaoráid Bauhaus Eorpach Nua faoin gclár Fís Eorpach.
[53] Comhphobal Peer2Peer (P2P) Bauhaus Eorpach Nua

cuir chuige iomlánaíocha a ghlacadh lena gcomhcheanglófar inbhuanaitheacht, inacmhainneacht agus cáilíocht a mhéid a bhaineann le tithíocht.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Cuardach agus forléargas **éasca a sholáthar maidir le deiseanna cistiúcháin a bhaineann le Bauhaus Eorpach Nua ar fud chláir an Aontais**, lena n-áirítear deiseanna i dTairseach 'Cistiú agus Tairiscintí' an Aontais[54] agus trí Ardán Chathracha an Aontais.
- **Tacaíocht shaincheaptha dhíreach a chur ar fáil d'údaráis náisiúnta agus réigiúnacha** chun luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú i gcláir beartais comhtháthaithe, agus comhoibriú le **BEI/JASPERS**[55] chun uirlisí breise measúnaithe agus fothaithe acmhainneachta a fhorbairt.
- Tacú le **fothú acmhainneachta le haghaidh riaracháin phoiblí agus páirtithe leasmhara** trí fhoghlaim idir piaraí agus trí chomhroinnt dea-chleachtais, lena n-áirítear gníomhaíochtaí amhail Spásanna Beo[56], chun ailtireacht ardcháilíochta agus an timpeallacht thógtha a chur chun cinn do chách.
- **Cistiú a chur ar fáil le haghaidh pointí teagmhála náisiúnta Bauhaus Eorpach Nua agus le haghaidh pointí teagmhála náisiúnta T&N** chun a n-acmhainneachtaí agus a gcomhar a neartú.

## 3.4 An ghné idirnáisiúnta

Tá na dúshláin chéanna roimh chathracha agus comharsanachtaí ar fud an domhain agus atá roimh an Eoraip, amhail tionchair aeráide, ganntanas uisce, athruithe déimeagrafacha agus géarchéimeanna tithíochta. I gcásanna áirithe, amhail sa Domhan Theas, d'fhéadfadh na dúshláin sin a bheith tromchúiseach agus d'fhéadfaidís a bheith ina gcúis le himirce nó fiú coinbhleachtaí. **Tá sé d'acmhainn ag Bauhaus Eorpach Nua réitigh chomhtháite a thabhairt isteach lasmuigh den Eoraip**, ach tá sé d'acmhainn aige freisin dul i mbun foghlama agus comharsanachtaí Eorpacha a spreagadh trí chleachtais agus éachtaí idirnáisiúnta atá bainte amach.

Is féidir **ról tábhachtach a bheith ag Bauhaus Eorpach Nua i bpróiseas méadaithe an Aontais** trí fhorbairt áitiúil inbhuanaithe agus caomhnú na hoidhreachta cultúrtha a chur chun cinn, chomh maith le réitigh nuálacha le haghaidh aistriú glas agus digiteach agus comhtháthú luachanna sóisialta, eacnamaíocha agus cultúrtha. Féadtar ardán a chur ar fáil leis chun gur féidir le tíortha is iarrthóirí dea-chleachtais, saineolas, acmhainní agus líonraí a chomhroinnt, agus comhoibriú le Ballstáit an Aontais maidir le tionscadail chomhpháirteacha. Ó 2022 i leith, tá Bauhaus Eorpach Nua ag tacú go sonrach le **téarnamh glas agus atógáil rannpháirteach na hÚcráine** trí thionscadail nuálaíochta amhail athchóiriú ciorclach foirgneamh *panelka* in Chernihiv, tionscnaimh maidir le húsáid inbhuanaithe talún, agus athchóiriú uirbeach glas in Imchuach na Mara Duibhe[57]. Is é is aidhm do Bauhaus Eorpach Nua atógáil na hÚcráine a dhéanamh inbhuanaithe, nuálach agus cuimsitheach trí thairbhe a bhaint as comhpháirtíochtaí agus acmhainní amhail Comhphobal Bauhaus Eorpach Nua, treoirlínte sonracha agus cúnamh teicniúil.

[54] Bunaithe ar 'bhrat Bauhaus Eorpach Nua', atá in úsáid faoi láthair le haghaidh Fís Eorpach.
[55] Comhchúnamh chun tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa.
[56] Spásanna Maireachtála - Cultúr agus Cruthaitheacht
[57] Cistíodh na tionscadail sin trí LIFE, Fís Eorpach, agus Interreg.

**Tá idirphlé agus gníomhaíocht spreagtha ag tionscnaimh Bauhaus Eorpach Nua freisin i dtíortha eile nach Ballstáit den Aontas iad**, go háirithe an tSeapáin, an Bhrasaíl agus Meicsiceo. Leanfaidh an Coimisiún dá líonra idirnáisiúnta a leathnú agus de chomhar a spreagadh i measc páirtithe leasmhara amhail saineolaithe, saoránaigh agus rialtais chun réitigh dhomhanda arna spreagadh ag Bauhaus Eorpach Nua a phlé agus a chomhdhearadh. Ba dheis don Aontas é **Móraonad Domhanda Osaka** in 2025 chun Bauhaus Eorpach Nua a chur ar taispeáint ar fud an domhain, chun teagmháil a dhéanamh le gairmithe ar fud an domhain, agus chun **idirphlé sonrach idir an tAontas agus an tSeapáin**a sheoladh. Cuirfidh an Coimisiún leis an obair ar na himeachtaí sin agus bainfidh sé úsáid freisin as an infheictheacht a chuireann **Féilte Bauhaus Eorpach Nua ar fáil chun dea-chleachtais agus teistiméireachtaí idirnáisiúnta a chur i láthair**.

Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- **Tacú le hatógáil agus athghiniúint uirbeach na hÚcráine** trí dhearadh cáilíochta inacmhainne agus inbhuanaithe a chur chun cinn trí thionscadail áitiúla agus inmhacasamhlaithe le haghaidh scoileanna, ospidéal agus na hoidhreachta cultúrtha, trí thacú le Mol Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a chruthú, agus trí luachanna Bauhaus Eorpach Nua a chomhtháthú sa reachtaíocht ábhartha agus sna ngníomhaíochtaí atógála ábhartha trí chéile, go háirithe trí 'EU4Reconstruction'[58] agus tríd an tionscnamh, Leathchúplaí Digiteacha Áitiúla don atógáil[59].
- Le tacaíocht ó Thoscaireachtaí an Aontais, togh-ghrúpa idirnáisiúnta Chomhphobal Bauhaus Eorpach Nua a leathnú trí **líonraí áitiúla Bauhaus Eorpach Nua i dtríú tíortha agus trí Mhoil Acadamh Bauhaus Eorpach Nua a chruthú**, go háirithe sa tSeapáin agus sa Bhrasaíl.
- Tacú le méadú an Aontais trí chistiú, fothú acmhainneachta agus cúnamh teicniúil a chur ar fáil chun **tús a chur le tionscadail agus tionscnaimh Bauhaus Eorpach Nua i dtíortha is iarrthóirí**.
- **Snáithe idirnáisiúnta de Dhuaiseanna Bauhaus Eorpach Nua** a sheoladh chun tionscadail idirnáisiúnta a léiríonn luachanna Bauhaus Eorpach Nua a chur i láthair agus a chúiteamh.
- **Comhar idirnáisiúnta maidir le hailtireacht ardcháilíochta** a chothú trí Chomhghuaillíocht Davos Baukultur[60].

## 4. CONCLÚIDÍ AGUS AN BEALACH CHUN CINN

Tá díograis, cruthaitheacht agus rannpháirtíocht tagtha chun cinn mar gheall ar Bauhaus Eorpach Nua ar fud na hEorpa agus níos faide i gcéin ó cruthaíodh é in 2020. Trí nuálaíocht, scileanna agus neart tionsclaíoch a chothú, tacóidh Bauhaus Eorpach Nua le hEoraip níos iomaíche agus níos athléimní, Eoraip a bheidh bunaithe ar réitigh inacmhainne ar ardchaighdeán agus ar fhreagracht a chomhroinntear ar gach leibhéal rialachais. Is é an chéad phríomhchéim eile **gníomhaithe agus líonraí ábhartha a chur ag feidhmiú a thuilleadh** ar fud leibhéil éagsúla rialachais, réimsí beartais agus earnálacha eacnamaíocha chun borradh a chur faoi acmhainneacht iomlán an tionscnaimh. **Iarrtar ar ghairmithe, taighdeoirí, údaráis, ionadaithe na sochaí sibhialta agus gnólachtaí teacht isteach i gComhphobal Bauhaus**

[58] Ar an leibhéal áitiúil, beidh an tionscadal ag oibriú i gcomhar le thart ar 50 bardas 'tionscadail shuaitheanta' meánmhéide chun infheistíochtaí atógála a ullmhú agus a bhainistiú lena léireofar an cur chuige 'atógáil chun feabhais' agus luachanna Bauhaus Eorpach Nua.
[59] https://digital-strategy.ec.europa.eu/ga/news/digital-twin-reconstruction-ukraine
[60] Comhghuaillíocht Davos Baukultur

**Eorpach Nua** agus oibriú i gcomhar le chéile chun réitigh nuálacha a chomhchruthú agus a uas-scálú chun tacú le hathghiniúint comharsanachtaí agus leis an aistriú glan.

Tá an Coimisiún Eorpach ag brath ar chomhar ó Pharlaimint na hEorpa, ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh, ó Choiste Eorpach na Réigiún agus ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa chun feasacht a mhúscailt agus chun Bauhaus Eorpach Nua agus na deiseanna a bhaineann leis a chur chun cinn ina dtogh-ghrúpaí, **chun ról a thabhairt don tsochaí shibhialta, d'ealaíontóirí, d'údaráis áitiúla, do ghnólachtaí agus d'eolaithe, agus chun na hacmhainní atá ar fáil a chomhroinnt.** Cuirfidh sé le láidreachtaí a phobail, atá ag méadú, agus scaipfidh sé a dhea-chleachtais. Iarrtar freisin ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad, agus ar eagraíochtaí agus líonraí idirnáisiúnta leasmhara luachanna agus prionsabail Bauhaus Eorpach Nua a scaipeadh agus tacú leo, agus tionscadail agus tionscnaimh rannpháirteacha chomhdheartha a chur chun cinn.

Iarrann an Coimisiún ar an gComhairle go háirithe an togra le haghaidh **Moladh ón gComhairle a ghabhann leis an Teachtaireacht seo** a phlé agus a ghlacadh, chun na hiarrachtaí trasearnála ina dtír féin a neartú agus chun a áirithiú go ndéanfar tionscnamh oibríochtúil de Bauhaus Eorpach Nua agus go gcuirfear san áireamh é i dtionscnaimh agus i gcistiú ábhartha ar bhonn náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil.